Coimisiún na Meán

# An Creat um Chinntí: Clárúchán Físeáin ar Éileamh

Foilsithe
Feabhra 2025

# Clár Ábhar


**1. Réamhrá** **3**

**2. Cuspóir an Chreata um Chinntí seo** **4**

**3. Céimeanna den Chreat um Chinntí** **4**

Céim 1: Athbhreithniú Reachtach agus Fianaiseach 5

Céim 2: Barúil Thosaigh agus Comhairliúchán 7

Céim 3: Toradh an Chomhairliúcháin agus Ordú Comhlíontachta féideartha 7

Céim 4: Fógra a fháil agus Clárúchán 8

Céim 5: Nuashonruithe agus Athruithe ar an gClár 8

**An Iarscríbhinn** **10**

**Sainmhínithe Reachtúla** **10**

**Alt 2A ("faoi dhlínse an Stáit")** **11**

## 1. Réamhrá

Leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, leasaíodh an tAcht Craolacháin 2009 (**“an tAcht”**), chun foráil a dhéanamh maidir le creat rialála atá infheidhme maidir le seirbhísí craolacháin, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, seirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus seirbhísí ábhartha eile ar líne.

Le halt 46A den Acht, forchuirtear oibleagáid ar Choimisiún na Meán (an **“Coimisiún”**) Clár de Sholáthraithe Seirbhíse Meán (an **“Clár”**) a bhunú agus a choinneáil ar bun. Foilsítear an Clár ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin www.cnam.ie. Tá an Clár faoi réir nuashonruithe agus leasuithe ar bhonn leanúnach.

Tá soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin más rud é: a) go bhfuil sé nó sí faoi dhlínse an Stáit (a chinntear i gcomhréir le halt 2A den Acht), agus b) go soláthraíonn sé nó sí seirbhís meán closamhairc ar éileamh. Tá téarmaí sainithe leagtha amach ina n-iomláine san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCreat um Chinntí (**“Creat”**) seo.

Ní mór do sholáthraithe seirbhíse meán fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le heolas sonraithe chun críocha an phróisis clárúcháin agus i ndáil le hathruithe ar an eolas sin (ailt 46B agus 46C den Acht).

Le Rialacha Clárúcháin le haghaidh Soláthraithe Seirbhíse Meán (na **“Rialacha”**) a d’fhoilsigh an Coimisiún, soláthraítear sonraí maidir leis na hábhair seo a leanas:

- an t-eolas atá le soláthar ag na soláthraithe seirbhíse meán;
- an t-eolas atá le háireamh sa Chlár;
- athbhreithniú agus ceartú ar an gClár arna ndéanamh ag an gCoimisiún;
- iarrataí ar thuilleadh eolais ón gCoimisiún; agus
- orduithe ón gCoimisiún chun ailt ábhartha den Acht a chomhlíonadh.

D’fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte le haghaidh Soláthraithe Seirbhíse Meán (na **“Treoirlínte”**) freisin. Tá na Treoirlínte beartaithe chun cúnamh a thabhairt do sholáthraithe maidir leis an bpróiseas clárúcháin a oibriú agus a thuiscint. Ina theannta sin, leagtar amach tosca agus táscairí iontu maidir le sainmhínithe reachtúla a chur i bhfeidhm agus déantar achoimre leo ar na hoibleagáidí atá ar sholáthraithe seirbhíse meán cláraithe.

Tá cinnteoireacht an Choimisiúin bunaithe ar reachtaíocht na hÉireann agus na hEorpa, comhairliúchán, bailiú sonraí agus taighde neamhspleách. Le creat um chinntí, tacaítear le cinnteoireacht fhianaisebhunaithe, thrédhearcach, chomhsheasmhach agus chomhréireach ón gCoimisiún maidir le feidhmiú a fheidhmeanna reachtúla.

Féadfar an Creat seo a nuashonrú nó féadfar cur leis ó am go chéile chun próisis nó breithnithe breise a bhaineann le freagrachtaí an Choimisiúin a léiriú. Níl an Creat ina ionadaí d’aon fhoráil nó forálacha reachtúla ná ní comhairle dlí atá ann. Moltar do sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh, a fhéadfaidh a bheith faoi réir clárúcháin, a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil maidir leis na forálacha reachtúla ábhartha.

## 2. Cuspóir an Chreata um Chinntí seo

Faoi alt 46B den Acht, ceanglaítear ar sholáthraithe seirbhíse meán atá faoi réir clárúcháin fógra a thabhairt don Choimisiún ina bhfuil an t-eolas a shainaithnítear in alt 46B(5) den Acht (**"Fógra"**).

D'fhorbair an Coimisiún an Creat seo chun soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a chur ar an eolas faoina phróisis chun:

- a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí faoi réir clárúcháin i gcás ina mbeidh Fógra faighte (alt 46D den Acht); agus
- iarraidh a bhreithniú chun an Clár a athbhreithniú agus a cheartú (alt 46E den Acht); agus
- a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí faoi réir clárúcháin in imthosca inarb amhlaidh nach mbeidh Fógra faighte (alt 46F den Acht).

I gcás ina mbeidh Fógra faighte, mínítear na céimeanna sa phróiseas clárúcháin i gCéim 4 thíos. Leis na céimeanna breise 1-3 a liostaítear thíos, tugtar sonraí ar na gníomhartha agus na cinntí nach mór don Choimisiún a dhéanamh in imthosca inarb amhlaidh nach mbeidh Fógra curtha isteach.

## 3. Céimeanna den Chreat um Chinntí

**Céim 1: Athbhreithniú Reachtach agus Fianaiseach** – I gcás inar cosúil don Choimisiún gur féidir go bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin, déanann sé athbhreithniú reachtach agus fianaiseach ar an soláthraí seirbhíse meán agus ar an tseirbhís nó na seirbhísí ábhartha.

**Céim 2: Barúil Thosaigh agus Comhairliúchán** – I gcás ina bhfuil cúis ag an gCoimisiún lena chreidiúint gur féidir go bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin bunaithe ar an eolas atá ar fáil dó nó di tar éis Chéim 1, tiocfaidh sé ar bharúil thosaigh agus rachaidh sé i gcomhairle leis an soláthraí seirbhíse meán.

**Céim 3: Toradh an Chomhairliúcháin agus Ordú Comhlíontachta féideartha** – Breithneoidh an Coimisiún an freagra i scríbhinn ón soláthraí (más ann) agus cinnfidh sé cé acu a thagann nó nach dtagann an soláthraí faoi raon feidhme an chlárúcháin. Má chinneann an Coimisiún go bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin, féadfaidh an Coimisiún ordú a thabhairt i scríbhinn don soláthraí Fógra a chur isteach faoi alt 46B.

**Céim 4: Fógra a fháil agus Clárúchán** – Tar éis Fógra a fháil, breithneoidh an Coimisiún an Fógra agus cinnfidh sé cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin. Féadfaidh an Coimisiún eolas breise a lorg ón soláthraí seirbhíse meán tar éis Fógra a fháil.

**Céim 5: Uasdátuithe agus Athruithe ar an gClár** – Is féidir go mbeidh gá le leasuithe ar an gClár tar éis fógra a fháil ó sholáthraí seirbhíse meán nó tar éis athbhreithniú ón gCoimisiún.

Déantar cur síos thíos ar na céimeanna sin.

**Céim 1: Athbhreithniú Reachtach agus Fianaiseach**

## 1.1 Athbhreithniú Reachtach

Ar an gcéad ásc, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na forálacha dlí agus ar an bhfianaise agus ar an eolas atá ar fáil dó chun go sainaithneofar seirbhísí a fhéadfaidh a bheith ina seirbhísí meán closamhairc ar éileamh faoi réir clárúcháin. Leis an athbhreithniú, cuimseofar measúnú ar na critéir shainithe agus ar na critéir dhlínse mar a leagtar amach san Acht.

Faoin Acht, tá soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárú más rud é:

(a) go bhfuil sé nó sí faoi dhlínse an Stáit, agus
(b) go soláthraíonn sé nó sí seirbhís meán closamhairc ar éileamh.

Sa chleachtas, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar dtús ar chineál na seirbhíse a sholáthraítear roimh an dlínse a bhreithniú.

***Seirbhís Meán Closamhairc ar Éileamh***

Tá na sainmhínithe ábhartha leagtha amach ina n-iomláine san Iarscríbhinn.

Tá na ceisteanna seo a leanas ábhartha do mheasúnú an Choimisiúin:

i. An soláthraítear an tseirbhís thar líonra cumarsáide leictreonaí?

ii. An soláthraítear an tseirbhís ar bhonn tráchtála?

iii. An soláthraítear cláir chlosamhairc tríd an tseirbhís nó trí chuid indealaithe den tseirbhís?

iv. An soláthraítear an tseirbhís don phobal i gcoitinne?

v. An féidir le breathnóir a rogha cláir a roghnú agus breathnú air tráth a shocraíonn sé nó sí ar bhonn catalóige?

vi. An bhfuil rialú éifeachtach ag soláthraí na seirbhíse ar roghnú na gclár nó na bhfíseán arna nginiúint ag úsáideoirí atá le fáil ar an tseirbhís?

vii. An gcinneann soláthraí na seirbhíse eagrú na gclár nó na bhfíseán arna nginiúint ag úsáideoirí ar an tseirbhís.

viii. An bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse (nó cuid indealaithe den tseirbhís) tiomnaithe do chláir chlosamhairc a sholáthar don phobal i gcoitinne chun eolas, oideachas nó siamsaíocht a thabhairt?

ix. An soláthraítear cumarsáid tráchtála chlosamhairc tríd an tseirbhís?

***Dlínse***

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar na ceisteanna seo a leanas chun a chinneadh cé acu is cosúil nó nach cosúil go bhfuil seirbhís faoi dhlínse an Stáit (a chinntear i gcomhréir le halt 2A den Acht):

i. An bhfuil ceannoifig an tsoláthraí sa Stát agus an ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha sa Stát?

ii. Má tá ceannoifig an tsoláthraí sa Stát, ach go ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha i mBallstát eile den Aontas Eorpach, an in Éirinn a oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair ag a bhfuil baint le gníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir?

iii. Mura bhfuil an cheannoifig in Éirinn (ach go bhfuil sí i mBallstát eile den Aontas), agus má dhéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha in Éirinn, an in Éirinn a oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir?

iv. Má tá ceannoifig an tsoláthraí sa Stát ach go ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha i mBallstát eile den Aontas Eorpach, nó a mhalairt, ar thosaigh an soláthraí a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht ar dtús i gcomhréir le dlí na hÉireann, agus an gcoinníonn sé nó sí nasc cobhsaí agus éifeachtach le geilleagar na hÉireann?

v. Má tá ceannoifig an tsoláthraí sa Stát, ach go ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha i dtír eile lasmuigh den Aontas Eorpach, nó a mhalairt, an in Éirinn a oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir?

vi. An mbaineann an soláthraí úsáid as uasnasc satailíte atá suite in Éirinn, nó an mbaineann sé nó sí úsáid as acmhainneacht satailíte a bhaineann le hÉirinn.

vii. An bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch á saothrú ar bhealach eile ag an soláthraí trí bhunachas socraithe ar feadh tréimhse éiginnte in Éirinn?

### 1.2 Athbhreithniú Fianaiseach

Fíoróidh an Coimisiún a anailís go neamhspleách mar a leagtar amach thuas trí thagairt a dhéanamh don mhéid seo: (i) athbhreithniú ar an tseirbhís féin ó thaobh úsáideora agus eolas foinse oscailte maidir leis an tseirbhís, lena n-áirítear eolas brandála, fógraíochta agus eolas eile arna bhfoilsiú ag soláthraí na seirbhíse, agus eolas tríú páirtí maidir leis an tseirbhís; agus (ii) áit bhunaithe soláthraí seirbhíse, lena n-áirítear eolas clárúcháin na cuideachta, suíomhanna na ceannoifige agus na foirne, doiciméid oifigiúla lena ndéantar tagairt don áit bhunaithe agus eolas arna fhoilsiú ag soláthraí na seirbhíse i ndáil lena áit nó lena háit ghnó. I measúnú an Choimisiúin, is féidir go n-áireofar, mar a mheasann sé is gá, athbhreithniú ar bhunachair sonraí

agus acmhainní foilsithe, comhairliúchán le rialálaithe meán eile agus taighde saineolaíoch a choimisiúnóidh an Coimisiún ó am go chéile.

**Céim 2: Barúil Thosaigh agus Comhairliúchán**

Más rud é, tar éis Chéim 1, go bhfuil cúis ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfaidh soláthraí seirbhíse meán a bheith faoi réir clárúcháin, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an soláthraí maidir lena bharúil thosaigh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i scríbhinn don soláthraí maidir lena bharúil thosaigh gur cosúil go bhfuil sé nó sí faoi réir clárúcháin mar aon le ráiteas ar na cúiseanna lena bharúil. Leis an mbarúil thosaigh sin, tabharfar aird ar an athbhreithniú reachtach agus fianaiseach. Iarrfaidh an Coimisiún freagra i scríbhinn ón soláthraí laistigh d'achar ama sonraithe maidir le cé acu a chreideann nó nach gcreideann sé go bhfuil sé faoi réir clárúcháin.

Ag an gcéim sin den phróiseas, féadfaidh soláthraí Fógra a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Má thugtar Fógra, tá Céim 4, a leagtar amach thíos, ar an gcéad chéim eile den phróiseas.

Mura bhfreagróidh soláthraí an Coimisiún nó mura rachaidh sé nó sí i dteagmháil leis faoi Chéim 2 den Chreat seo, ní chuirfear bac leis sin ar an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil dó. Ní chuirtear bac leis sin ar sholáthraí eolas, sonraí ná fianaise a chur isteach ar dháta níos déanaí lena dtaispeántar nach gcomhlíonann an tseirbhís na critéir shainithe de chuid seirbhís meán closamhairc ar éileamh laistigh de dhlínse an Stáit.

**Céim 3: Toradh an Chomhairliúcháin agus Ordú Comhlíontachta féideartha**

Breithneoidh an Coimisiún an freagra i scríbhinn ón soláthraí (más ann) agus cinnfidh sé cé acu a thagann nó nach dtagann an soláthraí laistigh de raon feidhme clárúcháin.

Má thagann an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin, tabharfaidh sé fógra don soláthraí maidir leis an gconclúid sin. Tá conclúid den sórt sin gan dochar do chumas an Choimisiúin dul ar ais chuig an staid i gcás athrú follasach ar na himthosca nó ar ghníomhaíochtaí an tsoláthraí.

Má chinneann an Coimisiún gurb amhlaidh a thagann an soláthraí laistigh de raon feidhme an chlárúcháin, breithneoidh sé cé acu ba cheart nó nár cheart ordú a eisiúint don soláthraí chun go gcomhlíonfar an ceanglas a bhaineann le fógra a thabhairt, i gcomhréir le halt 46F den Acht.

Roimh ordú a eisiúint chun Fógra a thabhairt, tabharfaidh an Coimisiún fógra don soláthraí seirbhíse meán go mbeartaíonn sé ordú den sórt sin a dhéanamh faoi alt 46F agus tabharfaidh sé deis don soláthraí uiríll a dhéanamh faoin mainneachtain fhollasach laistigh d'achar ama sonraithe.

Ag an gcéim seo den phróiseas, féadfaidh soláthraí Fógra a chur faoi bhráid an Choimisiúin gan gá le hordú. Má thugtar Fógra, tá Céim 4, a leagtar amach thíos, ar an gcéad chéim eile den phróiseas.

Breithneoidh an Coimisiún uiríll an tsoláthraí (más ann) agus cinnfidh sé cé acu ba cheart nó nár cheart ordú a eisiúint faoi alt 46F lena gceanglaítear ar an soláthraí Fógra a chur isteach faoi alt 46B. Féadfaidh an

soláthraí achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda laistigh de 28 lá ón ordú a fháil. Cion is ea é mainneachtain ordú a chomhlíonadh.

Is é rogha an Choimisiúin é go rachadh soláthraithe seirbhíse meán i gcomhar ar bhonn oscailte agus comhoibritheach leis agus níl coinne aige leis an gcumhacht a fheidhmiú chun ordúcháin a eisiúint faoi alt 46F ach amháin go hannamh.

### Céim 4: Fógra a fháil agus Clárúchán

Tar éis Fógra a fháil, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an eolas a sholáthraíonn an soláthraí seirbhíse meán, agus fíoróidh sé é, chun a chinneadh an bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin. Le linn substaint Fógra a bhreithniú, cuirfidh an Coimisiún an anailís shubstainteach agus dhlínsiúil i bhfeidhm, rud a leagtar amach i gCéim 1 den Chreat seo.

Ag an gcéim seo, féadfaidh an Coimisiún dul i gcomhar a thuilleadh leis an soláthraí seirbhíse meán nó féadfaidh sé fógra maidir le heolas reachtúil a eisiúint do sholáthraí na seirbhíse ina n-iarrtar tuilleadh eolais (alt 46D(2) den Acht). Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an eolas atá ar fáil dó, lena n-áirítear an Fógra agus aon eolas breise a chuirtear isteach, chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an soláthraí seirbhíse ina sholáthraí nó ina soláthraí seirbhíse meán faoi réir clárúcháin.

Má thagann an Coimisiún ar an gconclúid <u>nach</u> bhfuil an soláthraí faoi réir clárúcháin, tabharfaidh sé fógra don soláthraí maidir leis an gcinneadh sin agus leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Tá an méid sin gan dochar do chumas an Choimisiúin dul ar ais chuig an staid i gcás athrú follasach ar imthosca nó ar ghníomhaíochtaí an tsoláthraí.

Má chinneann an Coimisiún gurb amhlaidh <u>atá</u> an soláthraí faoi réir clárúcháin, soláthróidh sé an méid seo a leanas don soláthraí seirbhíse meán:

- Ráiteas maidir le Cinneadh an Choimisiúin; agus
- Cóip den iontráil iomchuí sa Chlár.

Tar éis na céimeanna thuas a chur i gcrích, déanfar an Clár a nuashonrú leis an eolas a bhaineann leis an soláthraí seirbhíse meán agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

### Céim 5: Nuashonruithe agus Athruithe ar an gClár

Tá an Clár faoi réir nuashonruithe agus leasuithe ar bhonn leanúnach. Is féidir go mbeidh gá le leasuithe tar éis fógra a fháil ó sholáthraí seirbhíse meán nó tar éis athbhreithniú ón gCoimisiún.

De bhun alt 46C den Acht, ní mór do sholáthraí seirbhíse meán fógra a thabhairt don Choimisiún i scríbhinn maidir le haon athrú ar an eolas a thaifeadtar sa Chlár agus a bhaineann leis an soláthraí nó leis an tseirbhís nó leis na seirbhísí arna soláthar ag an soláthraí. Féadfaidh an Coimisiún a cheangal ar sholáthraí seirbhíse meán eolas breise a sholáthar chun a chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart leasú a dhéanamh ar an gClár.

Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar an gClár freisin mar is iomchuí (alt 46E den Acht). Roimh dhéanamh amhlaidh, féadfaidh sé tuilleadh eolais a iarraidh ar an soláthraí agus, i gcás inarb indéanta, dul i gcomhairle leis an soláthraí maidir leis na leasuithe beartaithe.

Má chinneann an Coimisiún gur gá leasú a dhéanamh ar iontráil sa Chlár, leasóidh an Coimisiún an iontráil agus soláthróidh sé ráiteas maidir leis an leasú don soláthraí seirbhíse meán. Má bhaineann sé iontráil den Chlár, cuirfidh sé ráiteas chuige sin sa Chlár mar aon le ráiteas maidir leis na cúiseanna gur baineadh í de sin. Tabharfaidh an Coimisiún cóip den ráiteas sin don soláthraí freisin.

I gcás inar cosúil gur mhainnigh an Coimisiún an ceanglas a chomhlíonadh maidir le fógra a thabhairt maidir le hathruithe faoi alt 46C nó i gcás inar cosúil gur mhainnigh sé an iarraidh a chomhlíonadh chun eolas breise a sholáthar faoi alt 46D(2) nó alt 46E(4), féadfaidh sé, trí fhógra i scríbhinn, a ordú don soláthraí aon bheart a dhéanamh a shonraítear san fhógra chun an t-alt nó an iarraidh sin a chomhlíonadh. Roimh ordú a eisiúint, tabharfaidh an Coimisiún fógra don soláthraí seirbhíse meán á rá go mbeartaíonn sé ordú den sórt sin a dhéanamh faoi alt 46F, agus tabharfaidh sé deis don soláthraí uiríll a dhéanamh faoin mainneachtain fhollasach laistigh d'achar ama sonraithe. Cion is ea é mainneachtain soláthraí seirbhíse meán ordú a chomhlíonadh.

Le Codanna 4 go 6 de na Rialacha, leagtar amach eolas breise maidir le nuashonruithe ar an gClár.

## An Iarscríbhinn

### Sainmhínithe Reachtúla

ciallaíonn **“soláthraí seirbhíse meán”** duine a sholáthraíonn seirbhís meán closamhairc.

Ciallaíonn **“seirbhís meán closamhairc”**

(a) seirbhís, de réir bhrí Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, más rud é—

(i) go bhfuil príomhchuspóir na seirbhíse tiomnaithe don mhéid seo a leanas, nó
(ii) go bhfuil príomhchuspóir cuid indealaithe den tseirbhís tiomnaithe don mhéid seo a leanas:
cláir chlosamhairc a sholáthar, trí líonraí cumarsáide leictreonaí, don phobal i gcoitinne, faoi fhreagracht eagarthóireachta sholáthraí na seirbhíse, chun eolas, siamsaíocht nó oideachas a thabhairt, nó

(b) cumarsáid tráchtála chlosamhairc.

ciallaíonn **“seirbhís meán closamhairc ar éileamh”** seirbhís meán closamhairc a sholáthraítear le go bhféachfar ar chláir ag an tráth a roghnaíonn an t-úsáideoir agus arna iarraidh sin don úsáideoir ar bhonn catalóg de chláir a roghnaíonn soláthraí na seirbhíse.

ciallaíonn **“clár closamhairc”** sraith íomhánna gluaisteacha lena ngabhann fuaim nó gan fuaim arb é an rud atá i gceist leis sin, i gcás seirbhís meán closamhairc, mír aonair, gan beann ar a fad, laistigh de sceideal nó catalóg clár.

ciallaíonn **“sceideal clár”** sceideal croineolaíoch de chláir chlosamhairc nó fuaime.

## Alt 2A (“faoi dhlínse an Stáit”)

(1) Chun críocha an Achta seo, an cheist i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse an Stáit (nó Ballstáit eile), cinnfear í i gcomhréir leis an gcuid seo.

(2) Tá soláthraí seirbhíse meán faoi dhlínse Ballstáit más amhlaidh, faoi fho-alt (5), atá sé nó sí bunaithe sa stát sin.

(3) Mura bhfuil soláthraí seirbhíse meán, faoi fho-alt (5), bunaithe i mBallstát, tá an soláthraí faoi dhlínse Ballstáit más rud é—

(a) go n-úsáideann sé nó sí uasnasc satailíte suite sa stát sin, nó

(b) go n-úsáideann sé nó sí acmhainneacht satailíte a bhaineann leis an stát sin.

(4) Mura gcinntear le fo-ailt (2) agus (3) an cheist i ndáil le soláthraí seirbhíse meán, tá an soláthraí faoi dhlínse an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe de réir bhrí Airteagail 49 go 55 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(5) Tá feidhm ag na forálacha seo a leanas maidir le soláthraí seirbhíse meán chun críocha fho-ailt (2) agus (3):

(a) má tá ceannoifig an tsoláthraí i mBallstát, agus go ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha sa Bhallstát céanna, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin;

(b) má tá ceannoifig an tsoláthraí i mBallstát, agus go ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha i mBallstát eile, ansin—

(i) más amhlaidh a oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir, sa Bhallstát ina bhfuil ceannoifig an tsoláthraí, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin,

(ii) mura bhfuil feidhm ag fo-alt (i) ach gurb amhlaidh a fheidhmíonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc a bhaineann le cláir, sa Bhallstát ina ndéantar cinntí eagarthóireachta ábhartha, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin, agus

(iii) mura bhfuil feidhm ag fo-alt (i) nó (ii), tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát inar thosaigh sé nó sí a ghníomhaíocht nó a gníomhaíocht ar dtús i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin, ar choinníoll go gcoinníonn sé nó sí nasc cobhsaí agus éifeachtach ar bun le geilleagar an Bhallstáit sin;

(c) má tá an áit a bhfuil ceannoifig an tsoláthraí agus an áit a ndéantar na cinntí eagarthóireachta ábhartha éagsúil le chéile, agus mura bhfuil ach ceann amháin díobh i mBallstát, tá an soláthraí bunaithe sa Bhallstát sin, ar choinníoll go n-oibríonn cuid shuntasach den lucht saothair, ag a bhfuil baint le saothrú ghníomhaíocht na seirbhíse meán closamhairc, sa Bhallstát sin.

(6) Sa chuid seo—

ciallaíonn “gníomhaíocht seirbhíse meán closamhairc” gníomhaíocht a bhaineann leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann;

ciallaíonn “cinntí eagarthóireachta ábhartha” cinntí eagarthóireachta maidir leis an tseirbhís meán closamhairc lena mbaineann.